Ionad agus Comharṫa Forlaṁas Ṡasana

Teaċ na Cúirte i Lifear le Leagan

Ba deas dá n-imíoḋ forlaṁas Béarla leis

Tá Comhairle Condae Ḋún na nGall, leis an áras leaḃarlanna condae, a aṫrú ó Lifear go Leitir Ceanainn. Tá Teaċ na Cúirte i Lifear á aṫrú, agus measaḋ gur ḃ'ḟearr leaḃarlann condae fé leiṫ a ḃeiṫ ann. Caiṫfear £27,000 ar foirgneaṁ nua do ċeannaras an Ċomhairle Condae, ag Santry Hill i Leitir Ceanainn.

Scéal mór a ḃeaḋ ann am aṁáin, go raiḃ Teaċ na Cúirte i Lifear le leagan. Ba é seo an áit ar dáileaḋ amaċ aindlí na Sasana, ar pobal dúċas Ċondae Ḋún na nGall, le corraḋ agus 300 bliain anuas.

Ba anseo a croċaḋ Séamas Crón, Taoiseaċ Trodairí na Saoirse, san taoḃ ṫiar de Ḋún na nGall, i lár na 17ú aoise, agus mórán mór de Ġaeil ṁaiṫe ó ṡin, agus roiṁe sin.

Ba é Teaċ na Cúirte, Lifear, ionad agus comharṫa dlí agus forlaṁas na Sasana i nDún na nGall. Níl gar dúinn a ḋéanaṁ gur lúṫáir linn é ḃeiṫ á leagan, agus is áḃar lúṫaire é do aċan ḋuine i nGaeltaċt Ḋún na nGall.

Ba ó Teaċ na Cúirte seo a spréiġ cuṁaċt an Ḃéarla ins na Cúirteanna, rud a ċuir oifigeaċ de ċuid na Sasana síos air go lom, nuair adúirt sé san 17ú aois:—

> **"Nuair a ċaiṫfeas na dúċasaiġ a gcuid cásanna dlí a ṗléadáil fríd ár dteangan, ní ḃeiḋ sé i ḃfad go dtaḃarfaiḋ siad suas an meas atá acu ar a dteanga féin, agus go nglacfaiḋ siad leis an Ḃéarla."**

Cé go ḃfuil Teaċ na Cúirte i Lifear ag teaċt anuas, agus cé gur cuireaḋ amaċ na Sasanaiġ as an ċuid seo don tír, tá 40 bliain ó ṡin, tá lorg a gcuid tionċar fágṫa go fóill, agus i ndlí atá in ainm a ḃeiṫ mar dlí na hÉireann, ag leanúint de ḋroċ obair ḋlí na Sasana, ag sáṫaḋ Ḃéarla síos i scornaċ an pobal dúċais go fóill.

Ar ċostas £52,000 tógfar sraiṫ oifigí fá ċoinne obair na Comhairle Condae. San am i láṫair, tá dá ṫeaċ acu ar an Diamond, agus teaċ eile ar an príoṁ sráid, in úsáid mar Oifigí na Comhairle Condae.

An tAṫrú sa Triall Ḃéil

(Ar lean. ó leat. 1)

ḃeag; 37 i gCloċar Louis, Muineaċáin; 26 i gClocar Louis, Carraig Ṁaċaire Rois; 19 i gColáiste Muire, Tuar Ṁic Éide; 19 i gColáiste Aḋaṁnán, Leitir Ceanainn; 17 i gColáiste Íde, Daingean Uí Ċúise; 15 i gColáiste Iarfḟlaṫa Naofa, Tuaim; 14 i Scoil Ċaitríona, Sráid Eccles, Baile Áṫa Cliaṫ; 12 i gColáiste Croí Muire gan Smál, An Spidéal; 12 i gClocar Muire na nAingeal, An Fálċarraċ, Co. Ḋún na nGall, agus 12 i gColáiste Muire, Gaillimh; 10 i gClocar na nUrsúlaċ, Sligeaċ; 9 i gClocar Loreto, Leitir Ceanainn; 9 i gColáiste Ḃreánainn, Cill Áirne; 7 i gClocar na Trócaire, Gaillimh; 7 i gColáiste Íosagán, Baile Ṁúirne, agus 7 i gClocar Loreto, Cill Áirne; 5 i Scoil na mBráṫar, Daingean Uí Ċúise; 4 i gClocar Louis, Coillte Maċ; 4 i gClocar na Toirḃeirte, Tuaim; 3 i gColáiste San Ṗroinnsias, Rinn Ṁic Gormáin; 3 i Sc. Naoṁ Ṡeosaiṁ, Uarán Mór; 2 i gColáiste Móiḃi, Áṫa Cliaṫ; 2 i Scoil Ṡeosaiṁ Naofa, Cárna; 2 i gClocar na Toirḃeirte, An Ceaṫrú Rua; 2 i n-Ardscoil Ċolmcille, An Cloċán Liaṫ agus 1 i gColáiste Muire, Cearnóg Parnell; Cloċar na Toirḃeirte, Daingean Uí Ċúise, Coláiste Realt na Mara, Dun tSaḃairne, Co. Ċorcaí, Scoil Ṗeadar, Cloċar na Trócaire, Áṫ Luain.

Dealraíonn sé óna figiúirí a ṫug an tAire go ḃfuil 132 de na scoláireaċta Gaeltaċta seo, dá sealḃú i méan-scoltaċa Gaeltaċta, agus 243 dá sealḃú ag meán-scoltaċa sa Ġalltaċt.

Mí-sásta le húsáid na Gaeilge

Ḃí rud beag de ġreann na n-amadán sa Dáil roiṁ Nollaig. An tUasal Ó Beirne, T.D., fear ionsaiṫe na Gaeilge, a ba ċúis leis. Ḃí sé mí-ṡásta go raiḃ daoine ag cur isteaċ na ḃfógraí pleanála as Gaeilge. Ċuir sé ceist ar an Aire Rialtais Áitiúil an ndéanfaḋ sé rial go gcaiṫfí na fógraí seo a ċur isteaċ as Béarla, taoḃ amuiġ den Ġaeltaċt. Ḃí an tAire lán tsásta go raiḃ ceart ag duine ar biṫ ar ṁaiṫ leis na fógraí a ċur isteaċ as Gaeilge.

Dúirt an tUasal Ó Beirne naċ raiḃ i gceist aċ a ḃeiṫ ag "codding" na ndaoine, agus go raiḃ an Royal Institute of Architects, ag cur cosc lena mball féin é seo a ḋéanaṁ.

An lá na ḋiaiḋ ḃréagnaiġ an Royal Institute of Architects é seo.

Ní raiḃ an tAire sásta, géilleaḋ don Uasal Dockrell, aċ oiread, a d'iarr go gcuirfí na fógraí insan dá ṫeanga.

"Ní mise a ċuireann isteaċ na fógraí," arsa an tAire, "aċ na daoine féin, agus tá a ċeart acu, a roġa ṫeanga a úsáid."

D'ḟiafraiġ an tUasal Ó Diolúin an raiḃ an tAire sásta go mbeaḋ sé mí-ċeart na fógraí a ċur as Béarla aṁáin insan Ḟíor Ġaeltaċt.

An tUasal MacEntee: An ḃfuil Fine Gael i leiṫ compulsory English, an é sin an rud?

An tUasal Ó Diolúin. Tá Fine Gael i leiṫ an teanga Ġaeilge a ċur ċun cinn go h-ionraice.

Aċ níor ṁeas an tAire gur doċar ar biṫ dá gcuirtí an fógra i mBéarla sa Ġaeltaċt, nó i nGaeilge sa Ġalltaċt. Ba leor leis-san go gcaiṫfí an fógra a ċur.

Cibé ar biṫ, naċ ḃfuil sé in am ag na daoine seo, má tá gnó le ḋéanaṁ i nGaeilge, Gaeilge a ḟoġlaim ċuige.

Ardú Beag Airgid

Tá Comhairle Condae Ḋún na nGall le £4,766 níos mó a ṫaḃairt don Ċoiste Gairm-Oideaċais an bliain seo, 1965. Dúirt an Rúnaí, an tUasal Ó Searcaiġ, gur iarr an Coiste go n-ardófaí sciar an Ċomhairle go dtí 3d. sa £ ar na rátaí, ṫoiliġ an Comhairle d'aon ġuṫ, é seo a ḋéanaṁ.

Áiḃéil

Isteaċ leis an fear óg agus síos ar a ġlún leis os cóṁair a leannáin álainn óg agus ċrom a ċeann. "Eitiġ mé a ġrá, agus ġeoḃaiḋ mé bás!" arsa seisean, i nguṫ brónaċ truaiġḃéalaċ. D'eitiġ sí é. Seasca bliain na ḋiaiḋ sin fuair sé bás!

— — — — — —

Máirtín. "Ṡíl mé gur ḋúirt an doċtúir leat, ċuile ḋeoċ a stopaḋ anois?

Páidín; Ara a ḋuine, caidé fá sin? Deaṁan oiread as ceann aṁáin a ḟeiceann tú ag dul ṫairim!

— — — — — —

Múinteoir: Ainmniġ rud éigin taḃaċtaċ naċ raiḃ beo deiċ mbliana ó ṡoin?

Gasúr óg: Má's é do ṫoil é, a Ṁáistir, mise!

— — — — — —

Lom-Ċlár na Fírinne

Tráṫnóna aṁáin ċonaic an t-aṫair a ṁac ag teaċt na ḃaile indiaiḋ leaṫ-lear a ċaiṫeaṁ leis an cailín óg a raiḃ sé ag coinneáilt cuideaċta léi. "Ḃí siḃ amuiġ le ċéile arís," arsa t-aṫair leis. "Agus sé ḃí mé ag rá liom féin anseo cé ṁéid an tráṫnóna duit? "Deaṁan a ḃaṫ aċ leaṫ-ċoróinn," arsa seisean. "Ní raiḃ sin go dona." arsan t-aṫair. "Aċ leis an ḟírinne a rá," arsa mo ḋuine ansin, "ní raiḃ níos mó aici-"

— — — — — —

Ċuir Máirtín soineannta isteaċ iarratas ċuig an siopadóir seo ċun obair ḟáil mar ḃuaċaill siopa. Ba ṁaiṫ leis an siopadóir buaċaill maiṫ críonna ḟáil agus mar sin ċuir sé Máirtín faoi scrúdú. "A Ṁáirtín," arsa seisean leis, "caidé ḋéanfá le míle punt dá ḃfaiġfeá é?" "Maise," arsa Máirtín, "níl ḟios agam, mar naċ raiḃ mé ag feiṫeaṁ leis an oiread sin ag toiseaċt!"

Comhairle Pápa

Léann tú a lán leaḃair agus is dóċa go gcuireann tú a lán ama amuġa le do ċuid léaṁ. Ḃí cinnte de go léann tú na Soiscéil.—An Pápa Eoin.

— — — — — —

Máirín; A Mamai, an dtéann an ġrian síos isteaċ sa ḃfarraige aċan oíċe?

Mamaí: Gan aṁras téann, a ṫaiscí mo ċroí."

Máirín: Agus mar sin caidé an dóiġ a mbíonn siad ábalta é ṫriomiú go leor le na lasaḋ lá ar na ṁáraċ?

— — — — — —

Difríoċt

Bean tí: "Naċ tusa an fear céanna a dtug mé cuid de mo strúisín Gaelaċ dó, coicís ó ṡoin?

Fear deirce: Ní mé ċor ar biṫ a ḃean. Ní ḃéiḋ mé ċoíċe arís im ḟear mar ḃí mé sul ar iṫ mé an struisín adaiġ!

— — — — — —

Aṫair: Má ṫógann sé leaṫ-uair a ċloiġ do ṫriúr ḃuaċaill garraí a róṁar, cá ḟaid a ġlacfaḋ sé do ḃuaċaill aṁáin ?

Séamas óg: Fan a Ḋaid, bomaite go ḃfaiġiḋ mé mo ṗeann agus píosa páipéir, agus oibreóiḋ mé amaċ duit é.

Aṫair: Na bac leis an peann, aċ tóg leat spád agus obair amaċ é an dóiġ cruaiḋ!

— — — — —

Máistir: Taḃair abairt dom ar an focal 'paiste', a Ṡéamais.

Séamas: Tá páiste mór reaṁar againn sa ḃaile!'

— — — — —

Bíonn an Ḟírinne Searḃ

"Nár ḃain mé an ḟéasóg duit-se ċeana féin a ḋuine ċóir?" arsan bearbóir le saiġdiúir dúr righin go maiṫ de réir ċuma. "Ní dóiġ liom ċor ar biṫ," arsan saiġdiúir leis, "Fuair mé na créaċta sin amuiġ sa ċogaḋ mór!

Tír na nÓg

Coláiste Cróna

Ára Mór, Tirċonaill

CÚRSA IÚL AGUS LÚNASA, 1965.

Clár le fáil 1-1-1965.

Áiteaċa in áiriṫe ó'n 1-1-1965.

Gaċ eolas ó'n Rúnaí,

Coláiste Cróna, Ára Mór;

nó

Amáraċ, Ceanannus Mór.

Leabhar Nua!

DAITHI LACHA

an lacha misniúil ó Thelefís Éireann.

Le tréimhse maith anois tá páistí óga na tíre seo ag breathnú ar an gclár telefíse "Dáithí Lacha", ar imeachtaí na gcarad Dáithí, Maidhc, Puisín agus Circín, ach is róluath a bhíonn deireadh le gach léiriú agus seachtain le caitheamh go dtí an chéad cheann eile.

Seo i bhfoirm leabhair cuid de na himeachtaí úd. Anois beidh buanchlár d'eachtraí na gcarad ag gach páiste a mbeidh sé d'ádh air cóip den leabhar a fháil.

FLANN Ó RIAIN a chruthaigh

50 pictiúir lán-leathanach. 5/-.

FOILSEACHAIN RIALTAIS

Stuara Ard-Oifig an Phoist, Baile Átha Cliath

nó ó dhíoltóirí leabhar

AN GÚM